AN ROINN OIDEACHAIS M.7

29324

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 1997

# GAEILGE - ARDLEIBHÉAL - PÁIPÉAR I
(170 marc)

DÉ hAOINE, 13 MEITHEAMH - TRÁTHNÓNA, 1.30 go dtí 4.00

(Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga. Caillfear marcanna trí bheith faillíoch ann.)
Ceist 1 *agus* Ceist 2 a fhreagairt.

## CEIST 1 - CEAPADÓIREACHT - [100 marc]

Freagair do rogha ceann amháin de **A, B, C, D** anseo thíos.
**[N.B. Ní gá dul thar 500–600 focal nó mar sin i gcás ar bith.]**

### A - AISTE - (100 marc)

**Aiste** a scríobh ar cheann amháin de na hábhair seo.

*(a)* An choiriúlacht - is fadhb mhór í in Éirinn faoi láthair.
*(b)* "*Níl tír ar domhan gan a trioblóidí féin aici.*" É sin a phlé i gcás do rogha **dhá** thír iasachta.
*(c)* Scríbhneoirí a ndeachaigh a saothar i bhfeidhm orm. [Is leor trácht a dhéanamh ar **bheirt**.]

### B - SCÉAL - (100 marc)

**Scéal** a cheapadh a mbeadh do rogha ceann amháin díobh seo oiriúnach mar theideal air.

*(a)* Ní bhíonn in aon rud ach seal !
*(b)* Díomá.

### C - ALT NUACHTÁIN/IRISE - (100 marc)

Freagair do rogha ceann amháin díobh seo.

*(a)* Bhí fógra san iris *An Dréimire* ag iarraidh ar dhaltaí Ardteistiméireachta ailt a scríobh ar an ábhar *"Teilifís na Gaeilge - Áis Iontach"*. Scríobh an t-alt a chuirfeá féin chuig an eagarthóir ar an ábhar sin.

*(b)* Abair gur duine tú a rinne éacht áirithe nó a ghlac páirt in eachtra neamhghnách éigin. Ba mhaith leis an nuachtán *Foinse* alt a fháil uait faoin scéal. Scríobh an **t-alt** a chuirfeá chuig an eagarthóir.

### D - DÍOSPÓIREACHT/ÓRÁID - (100 marc)

Freagair do rogha ceann amháin díobh seo.

*(a)* Scríobh an **chaint** a dhéanfá - i ndíospóireacht scoile - ar son **nó** in aghaidh an rúin seo a leanas:
*"Tá córas oideachais an-mhaith againn sa tír seo."*

*(b)* Is ball tú den chraobh áitiúil de *Greenpeace*, an ghluaiseacht idirnáisiúnta comhshaoil. Tá ort píosa cainte a thabhairt ag an gcruinniú cinn bhliana den chraobh ar an téama *"Tábhacht Ár dTimpeallachta"*. Scríobh an **píosa cainte** a thabharfá ar an ócáid sin.



TH'LL →


## CEIST 2 – LÉAMHTHUISCINT – [70 marc]

Freagair **A** *agus* **B** anseo.


### A – (35 mharc)

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. [*Bíodh na freagraí i d'fhocail féin, oiread agus is féidir leat*].

# BRONNTANAS RÍFHEILIÚNACH!



• "*Snámh na Life*"



• *Michelle an Óir!*

Tá a fhios ag an saol Fódlach anois mar a ghnóthaigh ár mbanlaoch snámha féin, **Michelle Smith** as Contae Bhaile Átha Cliath, trí bhonn óir agus bonn cré-umha ag na Cluichí Oilimpeacha in *Atlanta* sna Stáit Aontaithe an samhradh seo caite. Ach creid é nó ná creid, bhí Éireannach iomráiteach eile ann tráth a ghnóthaigh bonn Oilimpeach agus, go bhfios dúinn, níor lúthchleasaí in aon chor é! Ba é duine é sin ná an t-ealaíontóir clúiteach, **Jack B. Yeats**, ar bronnadh bonn airgid air ag na Cluichí Oilimpeacha i bPáras i 1924. Ní i ngeall ar a chumas mar phearsa spóirt, ar ndóigh, a bronnadh an bonn sin air, ach i ngeall ar a fhoirfeacht mar ealaíontóir. Bhronntaí boinn Oilimpeacha an tráth úd ní amháin ar na buaiteoirí spóirt ach ar ealaíontóirí agus ar scríbhneoirí ardchumais chomh maith. Is é an trua go deo é, dar lena lán, go ndeachaigh an dea-ghnás úd i léig i ndiaidh 1948. Cibé faoi sin de, bronnadh bonn airgid Oilimpeach ar **Jack B.** i 1924, rud a léirigh an meas a bhí air ar fud na cruinne mar ealaíontóir.

Rugadh **Jack B.** i Londain i 1871. Ba phéintéir an-oilte portráidí a athair agus, ar ndóigh, is eol dúinn uile an cháil dhomhanda a bhí, agus atá fós, ar a dheartháir, an file **W.B. Yeats**. Tríocha bliain nó mar sin dá shaol a chaith **Jack B.** i Sasana ach dhealródh sé nach raibh sé riamh ar a shuaimhneas ann. Ba rún dó i gcónaí filleadh ar Éirinn. Lena seanathair is lena seanmháthair i Sligeach a chaitheadh sé féin agus **W.B.** laethanta saoire uile a n-óige agus níl amhras ná go ndeachaigh an saol ansin i bhfeidhm go mór ar an mbeirt acu. Sa bhliain 1910 d'fhill **Jack B.** ar Éirinn ... bhí a rún i gcrích aige ! Ba i mBaile Átha Cliath, sa chathair álainn sin cois Life, a chaith sé an chuid eile dá shaol. Ba phort an-mhinic aige é gurbh é Baile Átha Cliath an áit ab ansa leis ar domhan.

Mar mhaisitheoir ba mhó a thuill sé cáil ar dtús agus bhíodh a chuid pictiúr le feiceáil i leabhair agus in irisí. Níor thug sé faoin bpéintéireacht ola go dtí 1912. Níorbh fhada in aon chor, áfach, a bhí sé i mbun na gné sin den Ealaín go raibh sé le háireamh i measc na máistrí móra. Breis is míle saothar ola ar fad a chuir sé de i rith a shaoil, agus cé a déarfadh nárbh éacht "Oilimpeach" é sin ! Thug duine amháin £730,000 le déanaí ar cheann de na saothair sin, agus deir na saineolaithe nach fada go mbeidh milliún punt á thairiscint ag ceannaitheoir éigin eile ar cheann eile acu. Ba dheacair gan teacht leis an tuairim, go deimhin, gurbh é an péintéir Éireannach ab fhearr riamh é. An stíl shuaithinseach úd a chleacht sé - í lán de dhathanna agus d'íomhánna dlúthfhite ina chéile go draíochtach - is í a mheall na sluaite san am atá thart, agus a mheallfaidh iad i gcónaí, ó gach cearn den domhan. Cúig bliana agus ceithre scór a bhí slán ag draoi seo an phailéid nuair a d'éag sé ar an 28ᵘ Márta, 1957.

B'an-fheiliúnach go deo, mar sin, an chóip ghleoite de cheann dá shárshaothair "**Snámh na Life**" a tugadh mar bhronntanas do **Mhichelle Smith** ag searmanas ina honóir i mBaile Átha Cliath tamall roimh an Nollaig. Sa Dánlann Náisiúnta atá an bunphictiúr, pictiúr a bhfuil léiriú thar a bheith beoga ann de shlua mór ag faire ar shnámhóirí ag iomaíocht le chéile sa chéad rás riamh dá leithéid ar abhainn na Life i lár Bhaile Átha Cliath. B'shin rás amháin, go deimhin, nár bhuaigh ár mbanlaoch Oilimpeach!

(i) *(a)* Luaitear "dea-ghnás" áirithe sa *chéad alt*. Cén "dea-ghnás" atá i gceist ? (4 mharc)
*(b)* Cén chaoi a ndeachaigh an "dea-ghnás" úd chun sochair d'ealaíontóir clúiteach an tsleachta seo ? (4 mharc)

(ii) *(a)* Luaigh pointe eolais ar bith atá sa *dara halt* faoi dheartháir an ealaíontóra seo. (3 mharc)
*(b)* Cad atá san *alt céanna* faoi áit Bhaile Átha Cliath ina shaol? (3 mharc)

(iii) *(a)* "Cé a déarfadh nárbh éacht 'Oilimpeach' é sin!" Cén t-éacht atá i gceist san abairt sin sa *tríú halt* ? (3 mharc)
*(b)* Luaitear suimeanna móra airgid san *alt céanna*. Cad atá i gceist leo? (3 mharc)


(iv) *(a)* Inis i mbeagán focal a bhfuil faoi stíl an ealaíontóra seo sa *tríú halt*. (5 mharc)
*(b)* "Draoi seo an phailéid". Cérbh é féin ? Cathain a cailleadh é? (2 mharc)

(v) Tá trácht san *alt deireanach* ar bhronntanas áirithe bheith an-fheiliúnach. Luaigh <u>**dhá**</u> cheann de na fáthanna a bhí, dar leat, leis an mbronntanas úd bheith chomh feiliúnach sin. (8 marc)


## B – (35 mharc)

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. [*Bíodh na freagraí i d'fhocail féin, oiread agus is féidir leat*].


# RÚN NA SLIOGÁN !



• blaosc manaigh



• Sliogán muirín



• ardeaglais Santiago

Thart faoi thús an Fhómhair seo caite bhí láthair d'fhoirgneamh nua á cartadh i bpáirc láimh leis an Muileann gCearr i gContae na hIarmhí. An fear a bhí i mbun an ollscartaire, ba bheag a shíl sé, agus fiacla móra a mheaisín ag dul go domhain sa talamh crua, go mba sheanreilig an pháirc sin. Ní raibh seanchros ná leac uaighe inti. Cén chaoi, mar sin, a mbeadh a fhios ag an bhfear groí gur ansiúd a bhí reilig na manach a raibh cónaí orthu sa mhainistir in aice láimhe thart ar ocht gcéad bliain ó shin ! Ach b'fhear ciallmhar é agus mhúch sé inneall an mheaisín ar an toirt nuair a chonaic sé cnámha agus cnámharlaigh agus blaoscanna á nochtadh féin as an gcré chuige!

Bhí meitheal seandálaithe ar an bhfód an lá dár gcionn agus ba ghairid an mhoill orthu dul i mbun tochailte. Ba thochailt shaineolach thomhaiste í seo, ar ndóigh, murab ionann is réabadh ollscartaire ! Cúig chnámharlach is tríocha ar fad a d'aimsigh siad, ach ní sna cnámharlaigh amháin a bhíonn suim ag seandálaithe. Is ríthábhachtach, dar leosan, na rudaí beaga a chuirtí sna huaigheanna in éineacht leis na corpáin. Bhí sliogán muirín, mar shampla, thart ar mhuineál cúpla ceann de na cnámharlaigh. Ba dheimhniú iad na sliogáin sin, a deir na seandálaithe linn, go ndeachaigh na manaigh ar leo iad ar oilithreacht go dtí *Santiago de Compostela*, in iarthuaisceart na Spáinne, uair éigin sa Mheánaois. Thugtaí sliogán muirín an uair úd do gach oilithreach chun na háite sin mar chuimhneachán ar a thuras ann.

Cuid de sheanchas na Spáinne le fada an lá é scéal na sliogán sin. Is ionann an focal "Santiago" agus "Naomh Séamas", duine d'aspail Chríost. Creidtear gur chaith an t-aspal úd na blianta fada sa cheantar sin ag leathadh shoiscéal Chríost ann, mar a rinne Pádraig Naofa in Éirinn. Chinn sé ansin ar chuairt a thabhairt ar a thír dhúchais arís, An Phalaistín, áit a raibh lucht leanúna Chríost faoi ghéarleanúint i gcónaí. Ba ghearr sa bhaile é nuair a gabhadh agus a cuireadh chun báis é. Leath scéal a bháis go dtí an Spáinn agus bheartaigh a dheisceabail ansiúd a chorp a thabhairt ar ais chun na tíre sin. D'aimsigh siad an corp, chuir ar bord loinge é agus sheol chun na Spáinne. Ag gabháil thar chósta na Portaingéile dóibh chonaic siad ar an trá fear ar muin capaill a bhí á scuabadh amach san fharraige. Thosaigh siad ag guí chun Naomh Séamas, agus bhain idir fhear agus chapall an trá amach arís slán sábháilte. Ach iontas na n-iontas, bhí éadaí an fhir clúdaithe leis na céadta sliogán muirín! Glacadh leis an sliogán áirithe sin riamh ina dhiaidh sin mar shuaitheantas ar an naomh. Bhain siad a gceantar féin amach ar deireadh agus chuir siad corp an naoimh i dtuama greanta ann.

Shleamhnaigh na blianta leo go suaimhneach ... ocht gcéad díobh. Ach ansin tharla iontas eile. Chualathas cór ainglí ag canadh thart ar an tuama agus chonacthas solas neamhshaolta ag soilsiú os a chionn. As sin a tháinig an dara cuid den logainm, *"Compostela"*, a chiallaíonn "páirc na réaltaí". B'shin an uair a thosaigh na sluaite ag dul ar oilithreacht ann. Níorbh fhada go raibh an tarraingt chéanna ar an áit a bhí ar an Róimh agus ar Iarúsailéim. Áit mhór oilithreachta fós é, go deimhin. Faoi mar a míníodh cheana, thugtaí sliogán muirín do gach oilithreach chuig *Santiago de Compostela* agus b'shin a tharla, ní foláir, i gcás cuid de na manaigh a cuireadh sa reilig sin láimh leis an Muileann gCearr ocht gcéad bliain ó shin!.

[as alt san *Irish Times* le **Máirtín Ó Corrbuí**]

(i) *(a)* Cén obair a bhí fear an ollscartaire a dhéanamh sa pháirc úd ? (3 mharc)
*(b)* Cad a thug air éirí as an obair chomh tobann sin ? (4 mharc)

(ii) *(a)* Luaitear oilithreacht áirithe sa *dara halt*. Cén oilithreacht atá i gceist ? (2 mharc)
*(b)* Cá bhfios dúinn go raibh na manaigh úd páirteach san oilithreacht sin ? (5 mharc)

(iii) *(a)* Cén chomparáid a dhéantar sa *tríú halt* idir Naomh Séamas agus Naomh Pádraig ? (3 mharc)
*(b)* Cad a tharla do Naomh Séamas nuair a d'fhill sé ar a thír féin ? (3 mharc)

(iv) Cén míniú atá air sa *tríú halt* gurb é an sliogán muirín atá ina shuaitheantas ar Naomh Séamas? (8 marc)

(v) *(a)* Luaitear "iontas eile" san *alt deireanach*. Cén t-iontas atá i gceist ? (3 mharc)
*(b)* Cad a bhí mar thoradh ar an "iontas" sin ? (4 mharc)